An Dóigh a mBronnfar Cáilíochtaí TGM (GCSE), Leibhéal AF (AS) agus A-Leibhéal i Samhradh 2021

Treoir do Dhaltaí

Rewarding Learning

Tá a fhios againn gur tréimhse dheacair a bhí ann do dhaltaí le bliain anuas, mar gheall ar chur isteach ar an fhoghlaim agus ar chealú scrúduithe. Tugann an treoir seo achoimre duit ar na chéad chéimeanna eile agus sonraí faoin dóigh a ngnóthóidh tú grád do gach ceann de do chuid ábhar i mbliana.

Cad chuige an t-athrú?

An 6 Eanáir 2021, chealaigh an tAire Oideachais, Peter Weir CTR, gach scrúdú TGM, AF agus A2 de chuid CCEA a bhí sceidealta do Shamhradh 2021. Ina áit sin, beidh an cur chuige maidir le do ghráid a bhronnadh i Samhradh 2021 bunaithe ar bhreithiúnais ghairmiúla do mhúinteoirí, le modhnóireacht. **Gráid a Chinneann Lárionad** a thabharfar orthu seo.

Cé a gheobhaidh grad?

Tabharfar grád do dhaltaí TGM, i mBliain 12 nó os a ceann, agus do dhaltaí Leibhéal AF agus A-Leibhéal a iontráladh do cháilíochtaí CCEA in 2021.

Ní féidir daltaí i mBliain 11 nó faoina bun a iontráil nó cáilíochtaí TGM a bhronnadh orthu in 2021. Caithfidh siad leanúint ar aghaidh ag staidéar ar a n-ábhair TGM i mBliain 12.

Tá dhá eisceacht ann:

- Daltaí **Gaeilge TGM** a d'fhéadfadh dul ar aghaidh chuig Gaeilge TGM nó a bhfuil Gaeilge TGM de dhíth orthu le dul ar aghaidh chuig cúrsaí eile a thugtar i nGaeilge; agus/nó
- Daltaí **Matamaitice TGM** a bheidh ag dul isteach i Matamaitic Ardchéime TGM in 2022. (Tá Matamaitic TGM de dhíth le dul ar aghaidh chuig Matamaitic Ardchéime TGM.)

Cad é is Grád a Chinneann Lárionad ann?

Lorgóidh do mhúinteoirí fianaise ar an obair atá déanta agat do gach ceann de do chuid ábhar, déanfaidh siad measúnú agus tabharfaidh siad grád oiriúnach duit. Bainfidh sé seo le gach ábhar ag TGM, AF agus A-Leibhéal.

Ní úsáidfear aon algartam.

Cén Dóigh a nGnóthóidh mé Grád a Chinneann Lárionad?

Cinnteoidh do scoil go bhfuil go leor eolais agat ar inneachar d'ábhair le grád a bhronnadh. Chuir CCEA treoir ar fáil do do scoil a chuirfidh ar chumas fhoireann na scoile a gcur chuige maidir le measúnú agus dearbhú cáilíochta a fhorbairt. Ansin roghnóidh siad an fhianaise chuí le do ghrád a chinneadh.

Tá a fhios againn gur chuir an phaindéim isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim na ndaltaí. Tá aghaidh á tabhairt ar am teagaisc agus foghlama a cailleadh tríd an tsolúbthacht a bheith ag do scoil leis an rud a ndéanfar measúnú ort a roghnú.

Cén fhianaise is féidir a úsáid?

Ní dhéanfar measúnú ort ach ar an méid a teagascadh duit, le dhá bhliain anuas, i seomra ranga nó le linn na foghlama baile.

Is féidir le do mhúinteoir réimse fianaise a roghnú, mar shampla:

- obair chúrsa atá comhlánaithe agat;
- scrúduithe ranga roimhe seo a rinne tú cheana féin;
- acmhainní measúnaithe roghnacha CCEA; agus/nó
- obair eile a rinne tú sa rang nó sa bhaile.

Cuirfidh do scoil in iúl duit cén fhianaise atá á húsáid le do ghrád a chinneadh.

Sa bheartas atá ag do scoil maidir le Gráid a Chinneann Lárionad leagfar amach cén fhianaise a úsáidfear le do ghrád a chinneadh. Má tá ceist agat faoin fhianaise a úsáidfear, cuir ceist ar do mhúinteoir.

An mbronnfar gráid go cothrom cóir ar fud na scoileanna?

Tá dearbhú cáilíochta leabaithe sna socruithe malartacha bronnta ar fad. Tá tacaíocht, treoir agus oiliúint shuntasach á gcur ar fáil le cur le tuiscint do mhúinteoirí ar an dóigh le breithiúnais mheasúnaithe atá comhsheasmhach, cothrom agus cruinn a dhéanamh.

Tá an próiseas atá in úsáid ag do scoil le do ghrád a chinneadh solúbtha leis na dálaí éagsúla a bhí ag gach scoil mar gheall ar COVID-19 a chur san áireamh.

Is iarrthóir príobháideach mé; cad é ba chóir dom a dhéanamh?

Ba chóir duit leanúint ag obair leis an scoil, an coláiste nó an lárionad scrúdaithe ar iontráil tú leo, lena chinntiú go bhfuil go leor fianaise acu le do ghrád a chinneadh.

Tá tuilleadh faisnéise faoin phróiseas agus faoin fhianaise atá de dhíth ag Information Regarding Private Candidates and Summer 2021 Alternative Awarding Arrangements CCEA

Cá huair a gheobhaidh mé mo chuid torthaí?

Eiseofar torthaí Leibhéal AF agus A-Leibhéal CCEA an 10 Lúnasa 2021, agus eiseofar torthaí TGM CCEA ina dhiaidh sin an 12 Lúnasa 2021.

Leanfar ag bronnadh réimse iomlán na ngrád, lena n-áirítear an grád A* ag TGM agus A-Leibhéal, i mbliana. (Tabhair faoi deara gurb é an grád A an grád is airde atá ar fáil ag leibhéal AF.)

An mbeidh mé ábalta achomharc a dhéanamh maidir le mo ghrád?

Beidh CCEA ag obair le heagraíochtaí bronnta eile sna míonna amach romhainn lena chinntiú go gcuirfear próiseas achomhairc comhsheasmhach i bhfeidhm agus cuirfidh sé treoir níos mionsonraithe ar fáil in am trátha. Beidh sé seo i bhfad sula n-eiseofar na torthaí. Beidh ar lárionaid a bpróiseas achomhairc scríofa féin a fhorbairt.

Cad é ba chóir dom a dhéanamh anois?

Ba chóir duit leanúint ar aghaidh ag staidéar. Beidh do mhúinteoirí in ann treoir a thabhairt duit maidir leis an méid atá le foghlaim agat agus ar an dóigh a ndéanfar measúnú ort.

Ag Tacú le Sláinte agus Folláine Ár bhFoghlaimeoirí

Beidh folláine ár bhfoghlaimeoirí tábhachtach dúinn i gcónaí. Tuigeann muid na dúshláin atá romhat anois, agus ba mhaith linn oiread tacaíochta agus is féidir linn a thabhairt duit.

Molann muid duit cumarsáid a dhéanamh, go cianda agus go sábháilte, le do theaghlach, le cairde agus le múinteoirí, de réir threoir na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí.

Sa Mhol Folláine tiomnaithe ar ár suíomh Gréasáin tugtar leideanna agus comhairle is féidir lenár bhfoghlaimeoirí, chomh maith lena dtuismitheoirí agus lena múinteoirí, a úsáid le fanacht sláintiúil agus aireach ag an am seo.

Gheobhaidh tú gníomhaíochtaí foghlama úsáideacha agus ábhartha ar an Mhol Folláine fosta, lena n-áirítear acmhainní CCEA, agus naisc le heagraíochtaí eile a thacaíonn le cuspóirí an churaclaim. Tá tuilleadh faisnéise ag www.ccea.org.uk/learning-resources/wellbeing-hub

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar Bhronnadh Shamhradh 2021, lena n-áirítear Ceisteanna Coitianta agus Limistéar Daltaí tiomnaithe, tabhair cuairt ar www.ccea.org.uk/summer-2021

Príomhfhíricí maidir le próiseas malartach bronnta Shamhradh 2021

1. Níl aon scrúduithe poiblí ann
2. Úsáidfidh múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil le gráid a chinneadh.
   (*Tá muid ag tacú leis an obair seo le hoiliúint, ábhair thacaíochta agus treoir*)
3. Is féidir fianaise a bheith i bhfoirmeacha iolracha e.g. obair chúrsa, measúnú ranga roimhe seo, acmhainní measúnaithe roghnacha CCEA agus/nó obair ranga
4. Tá acmhainní measúnaithe CCEA **roghnach**
   (*Déanfaidh múinteoirí iad seo a mharcáil*)
5. Ní dhéanfar **measúnú** ar dhaltaí ach ar an méid a **teagascadh** dóibh
6. Beidh Gráid a Chinneann Lárionad bunaithe ar obair na ndaltaí
7. Is féidir obair **a rinneadh sa bhaile** a bheith mar chuid den fhianaise
8. Cuirfidh scoileanna in iúl do dhaltaí cén fhianaise atá á húsáid
9. Leanfar ag bronnadh **réimse iomlán na ngrád**, lena n-áirítear an grád A* ag TGMO agus A-Leibhéal
10. Tá **solúbthacht** ann do scoileanna mar beidh eispéireas foghlama difriúil ag gach duine

© CCEA 2021

Tabhair faoi deara, le do thoil: bhí an fhaisnéis seo ceart tráth a foilsithe – Márta 2021.